CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/581 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Márta 2023

lena gceaptar comhalta amháin agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Polainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Polainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Ludwik Kajetan WĘGRZYN éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Elżbieta Anna POLAK agus do Marek Andrzej TRAMŚ éirí as oifig.

(5) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Joachim Michał SMYŁA a bheith ceaptha ina chomhalta de Choiste na Réigiún.

(6) Mhol Rialtas na Polainne Joachim Michał SMYŁA, ar ionadaí de chomhlacht áitiúil é a bhfuil sainordú toghchánach aige in údarás áitiúil, *Radny Powiatu Lublinieckiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Lubliniec), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024, dáta a dtiocfaidh deireadh lena shainordú náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

(7) Mhol Rialtas na Polainne na hionadaithe seo a leanas ar chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil acu mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024, dáta a dtiocfaidh deireadh lena sainorduithe náisiúnta faoi seach i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme: Marcin Artur JABŁOŃSKI, *Członek Zarządu Województwa Lubuskiego* (Comhalta de Bhord Bainistíochta Chomhairle Chúige Lubuskiego), Andrzej Antoni PŁONKA, *Radny Powiatu Bielskiego* (*woj. śląskie*), (Comhalta de Chomhairle Ceantair Bielsko (Cúige Śląskie)), agus Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA, *Radna Powiatu Rzeszowskiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Rzeszów),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar ar Choiste na Réigiún na hionadaithe seo a leanas de chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach acu, go dtí an 30 Aibreán 2024:

(a) mar chomhalta:

— Joachim Michał SMYŁA, *Radny Powiatu Lublinieckiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Lubliniec),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Marcin Artur JABŁOŃSKI, *Członek Zarządu Województwa Lubuskiego* (Comhalta de Bhord Bainistíochta Chúige Lubuskie),

— Andrzej Antoni PŁONKA, *Radny Powiatu Bielskiego (woj. śląskie)* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Bielsko (Cúige Śląskie)),

— Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA, *Radna Powiatu Rzeszowskiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Rzeszów).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. PEHRSON